



An Coimisiún Céatadán don Ealaín: Forbairt Bóthair N22 Baile Bhuirne - Maigh Chromtha

Forbhreathnú:

Tá Comhairle Contae Chorcaí agus TII (Bonneagar Iompair Éireann), faoin Scéim Céatadán don Ealaín ag lorg aighneachtaí do dhá choimisiún ealaíne poiblí ar luach €30,000 an ceann iad mar chuid d'Fhorbairt Bóthair Bhaile Bhuirne - Maigh Chromtha ar an N22.

Áirítear le Forbairt Bóthair N22 Baile Bhuirne - Maigh Chromtha tógáil 22km de dhébhealach a thógtar go príomha as líne ón N22 atá ann cheana.



Grianghraf: Foireann dordán Chomhairle Contae Chorcaí

Sonraí an Choimisiúin:

Tá moltaí cruthaitheacha á lorg ag Comhairle Contae Chorcaí ó ealaíontóir gairmiúil nó ó chomhgrúpaí ealaíontóirí in aon fhoirm ealaíne nó teaghlaim d'fhoirmeacha ealaíne. Ba cheart moltaí a chruthú mar fhreagra ar shain-chomhthéacs an cheantair atá clúdaithe ag forbairt an N22, atá dírithe ar an bpobal, gníomhach go sóisialta nó a chomhoibríonn le pobail

áite nó spéise, sna ceantair in aice leis an bhForbairt Bóthair N22 Baile Bhuirne - Maigh Chromtha. Féadfar oibreacha dealbhóireachta lasmuigh a lonnú freisin, más cuí agus faoi réir bheartais sábháilteachta TII, i limistéir oiriúnacha ag Acomhal Chúil Chomhair nó ag acomhal Bhaile Bhuirne / Ceangail Isteach Thiar. Is féidir le moltaí a bheith i gceist le saothair ealaíne sealadacha, buana nó gearrshaolacha a chruthú le haschur poiblí deiridh sa limistéar a mbeidh tionchar ag an bhforbairt air. Ní gá pobail a shainnithint ag céim na moltaí.

Aithníonn na coimisinéirí an éagsúlacht modhanna, idir nua agus sheanbhunaithe, a úsáideann ealaíontóirí chun rannpháirtíocht an phobail a mhealladh. Fáiltíonn na coimisinéirí roimh thograí uailmhianacha agus nuálaíoch a bhfuil an cumas acu nascadh le pobail i gcomhthéacs fisiciúil, sóisialta, comhshaoil, cultúrtha agus staire an cheantair ó Bhaile Bhuirne go Maigh Chromtha.

Is comórtas oscailte dhá chéim é seo. Is glaoch oscailte poiblí é Céim 1 óna dtabharfar cuireadh do ghearrliosta ealaíontóirí a gcuid moltaí a fhorbairt níos mó.

Cuimsíonn gach buiséad €30,000 táillí agus speansais ealaíontóirí, réadú tionscadal, doiciméadú agus CBL.

Is féidir moltaí a dhéanamh do cheantar Mhaigh Chromtha, do cheantar Bhaile Bhuirne, nó don dá cheann.

Iarrfar ar an ealaíontóir roghnaithe dul faoi Ghrinnfhiosrúchán an Gharda Síochána, deimhniú imréitigh cánach a chur ar fáil agus a bheith ar a chumas/cumas Comhairle Contae Chorcaí agus Bonneagar Iompair Éireann a shlánú laistigh de na teorainneacha atá leagtha síos ag Comhlachtaí Poiblí in Éirinn.

Seisiún Eolais Ar Líne: 5 Deireadh Fómhair 2022. Seol ríomhphost le do thoil [go arts@corkcoco.ie](mailto:arts@corkcoco.ie) chun clárú.

Cuairteanna Pearsanta ar an Láthair: 12 Deireadh Fómhair, 2022. Ní mór d'ealaíontóirí clárú roimh ré, toisc líon an spásanna bheith teoranta. Seol ríomhphost le do thoil [go arts@corkcoco.ie](mailto:arts@corkcoco.ie) chun clárú.

Sonraí an Iarratais:

Déan iarratas le do thoil trí [<FIRMSTEP LINK>](#) leis an eolas seo a leanas faoi **23:00 Dé Domhnaigh 23 DEIREADH FÓMHAIR 2022:**

- Togra tionscadail 500 focal lena n-áirítear modhanna rannpháirtíochta le pobail spéise agus / nó áiteanna, agus torthaí molta.
- CV an ealaíontóra uas. 3 leathanach (is féidir suas le 3 leathanach in aghaidh an ealaíontóra a bheith i ngrúpaí comhoibríoch)
- PDF nach mó ná 10MB le saothair ealaíne, tionscadail agus gníomhaíochtaí ábhartha agus le déanaí, lena n-áirítear teidil, dátaí agus costais iomlána nuair is cuí.
- Breac-chuntas ar an mBuiséad

Critéir Roghnúcháin:

- Fiúntais Ealaíne, cáilíocht agus nuálaíocht an choincheapa;

- Léiriú ar chumas, nó ar acmhainneacht, maidir le hoibriú le pobal ar shlí atá rannpháirteach go sóisialta;
- Indéantacht an togra;
- Cumas, nó acmhainn an iarratasóra an tionscadal a chur i gcrích.

Maidir leis an bhForbairt N22

Soláthraíonn forbairt an N22 feabhsúchán bóthair 22 km ó thaobh Chorcaí de Mhaigh Chromtha, ag dul timpeall ar bhaile Mhaigh Chromtha, sráidbhaile Bhaile Mhic Íre agus Baile Bhuirne, lúba áitiúla Bhaile Bhuirne, agus ag críochnú ar an gcuid feabhsaithe den N22, in iarthar pharóiste Bhaile Bhuirne agus roimh theorainn an Chontae le Ciarraí.



Droichead Abha na Biochaille. Grianghraf: Jons Civil Engineering

Tá an fhorbairt roinnte ina 3 chuid chun críocho tógála:


Cuid 1 Seachbhóthar Bhaile Bhuirne agus Bhaile Mhic Íre; Sliabh Riabhach go Cúil na Cathrach

Cuid 2 An chuid mheánach ó Chúil na Cathrach go Carraig an Phúca

Cuid 3 Seachbhóthar Mhaigh Chromtha; Carraig an Phúca go Cúil Chomhair

Beidh comhéadain idir an fhorbairt bóthair nua agus an N22 reatha ag an gcríochfort thoir agus thiar chomh maith le dhá thrasbhealach an bhóthair atá ann cheana. D'fhéadfadh go bhféadfaí saothair ealaíne bhuna a chur isteach sna ceantair seo. Tógfar an bóthar trí thír-raon dúshlánach a athraíonn tríd an bhforbairt ó thalamh cnocach iargúlta le lomáin charraige ag an taobh iartharach, go tailte féaraigh ísle soir ó Mhaigh Chromtha agus trasnóidh sé stráice talún talamhiata atá mar chuid de Thaiscumar Inis Cara ar an taobh soir ó dheas ó Mhaigh Chromtha. Áiríonn an tionscadal tógáil 130 struchtúr, lena n-áirítear trasbhealaí ar aibhneacha an tSuláin, na Láinne, na Fothraise agus na Biochaille. Beidh na hacomhail ar an tionscadal ar an Sliabh Riabhach ag an gceann thiar, ar an Tonn Láin lastoir de Bhaile Mhic Íre, ag an nGoirtín Rua, Bóthar Shráid an Mhuilinn agus ag Cúil Chomhair ar an taobh thoir de Mhaigh Chromtha.

Léarscáil den Fhorbairt Bóthair N22 Baile Bhuirne - Maigh Chromtha:



Íomhá Jons Civil Engineering

Ceithre Acomhal ar an N22:



Acomhal Bhaile Bhuirne / Ceangail Isteach Thiar Grianghraf: Foireann dordán Chomhairle Contae Chorcaí



Acomhal Thonn Láin *Grianghraf: Foireann dordán Chomhairle Contae Chorcaí*



Acomhal an Ghoirtín Rua *Grianghraf: Foireann dordán Chomhairle Contae Chorcaí*



Acomhal Chúil Chomhair *Grianghraf: Foireann dordán Chomhairle Contae Chorcaí*

Is féidir píosaí scannáin dordáin den fhorbairt atá ar siúl a fheiceáil anseo: <https://youtu.be/A0uHFSqHY2g>

Le caoinhead ó Foireann Dordán Chomhairle Contae Chorcaí.

Eolas ar an gceantar:

Baile margaidh is ea Maigh Chromtha i gContae Chorcaí, Éire, suite ar bhruacha Abha an tSuláin , leath-bhealaigh idir Chathair Chorcaí agus Cill Áirne. Freastalaíonn an baile ar cheantar i lár Chorcaí a bhfuil saibhreas talmhaíochta agus táirgeadh bia aige, a dhéantar a cheiliúradh chomh maith mar chuid d'Fhéile Bhia bhliantúil Mhaigh Chromtha. Tá roinnt ealaíontóirí, grúpaí ealaíon agus eagraíochtaí lonnaithe sa bhaile lena n-áirítear amharclann *Briery Gap* atá á athchóiriú faoi láthair.



Ba ag trasnú, Gearradh 11, ó thuaidh ó Mhaigh Chromtha.. Grianghraf: Foireann dordán Comhairle Contae Chorcaí.

Tá coimhlint feicthe ag Maigh Chromtha ag amanta difriúla leis na céadta bliain lena n-áirítear an cath 978AD inar bhain Brian Ború díoltas amach as bás a dheartháir agus rinneadh Rí na Mumhan de; Cath Mhaigh Chromtha 1650 mar chuid de choncas Chromail; agus sa stair nua-aimseartha Cogadh na Talún, Cogadh na Saoirse agus an Cogadh Cathartha. I 1843 osclaíodh Tigh na mBocht an Ghorta Mhóir agus faoi 1851 bhí 2,124 duine ann.



Mhaigh Chromtha. Grianghraf: Foireann dordán Chomhairle Contae Chorcaí

Tá Caisleán Charraig an Phúca suite ar an gcarraig ar a dtugtar Carraig an Phúca gar do Mhaigh Chromtha, Contae Chorcaí. Túr ón 16ú haois atá ann le 4 stór faoi dhíon bogtach agus túiríní ar chúinní trasna óna chéile ag a bharr. Ba é Diarmaid Mór Mac Cárthaigh a thóg é am éigin idir 1436 agus 1451. Cuireadh staghre leis sna 1970'aí. Tá ciorcal cloiche dhá pháirc lastoir den chaisleán.



Caisleán Charraig an Phúca Grianghraf: Foireann dordán Chomhairle Contae Chorcaí



Baile Mhic Íre. Grianghraf: Foireann dordán Chomhairle Contae Chorcaí

Tá an Gaorthadh gar do Mhaigh Chromtha. Tá éagsúlacht mhór iasc, éan, crann, plandaí agus ainmhithe mar an cruídín, an dobharchú agus an ealaí glóracha san éiceachóras éagsúil seo. Is í an t-aon fhoraois ghlárach iar-oighreach ársa atá fágtha in Iarthar na hEorpa. Anaclann dúlra reachtúil is ea í ó 1987 agus tá sí mar chuid de scéim Hidrileictreach Abhainn na Laoi chomh maith. Is gnáthóg í an limistéar geografach níos leithne don scéim seo chomh maith do sciatháin leathair, an Drúchtín Ballach, diúilicíní péarla fionnuisce agus ulchabháin. Trasnaíonn forbairt an N22 na páirteanna uachtaracha de Thaiscumar Charraig an Droichid, atá suite ar an Laoi, atá suas an abhainn ón dá stáisiún hidreachumhachta. Baineann an loch go príomha le garbhascaireacht le haghaidh bran, ruán, róiste, liús agus péirse.



Tá paróiste Bhaile Bhuirne agus sráidbhaile Bhaile Mhic Íre i nGaeltachta Mhúscraí atá suite idir Mhaigh Chromtha agus teorainn Chiarraí. I nDaonáireamh 2016 dúradh go labhrann 21% de dhaonra toghroinn an 'tSléibhe Riabhaigh' an Ghaeilge ar bhonn laethúil lasmuigh den chóras oideachais.

Tá *Slí Ghaeltacht Mhúscraí* mar chuid de cuid de *Slí Bhéarra-Breifne* agus téann sí trí shuíomh an N22 nua. Tá íosbhealach do choisithe tógtha faoina bhun in aice le Baile Bhuirne chun freastal ar shiúlóirí fan na slí. Rianaíonn an slí seo cuid den mháirseáil ceithre lá déag a dhein Dónal Cam Ó Súilleabháin Béarra agus míle dá lucht leanúna ó Bhéara go Liatroim sa bhliain 1603.

Luaitear Baile Bhuirne go láidir le Naomh Gobnait, naomhphátrún ón 6ú haois ar bheacha agus ar bheachadóireacht.

Tá láthair oilithreachta agus toibreacha beannaithe sa cheantar. Is é an 11 Feabhra a Lá Patrúin. Tá ceangal láidir ag an gceantar le Naomh Abán chomh maith.

Tá Ionad Cultúrtha an Dochtúra Uí Loingsigh ina ionad ealaíon a fhreastalaíonn ar Ghaeltacht Mhúscraí, agus tá sé seo lonnaithe i mBaile Bhuirne. Cuireann sé clár ealaíon ar fáil ó cheann ceann na bliana lena n-áirítear amharcealaíon, ceol, cónaitheachtaí d'ealaíontóirí ar chuairt agus cúrsaí don phobal i gcoitinne.



Bóthar Chill na Martra. Grianghraf: Foireann dordán Chomhairle Contae Chorcaí

Creidtear gur bhunaigh Naomh Laichtín mainistir i gceantar Chill na Martra san 8ú haois, agus is dócha go dtagraíonn ainm an tsráidbhaile *Eaglais an Mháirtírigh* dó siúd.

Tá an monarcha Toy Soldier i gCill na Martra ó 1976. Bunaithe ag Lars agus Gunilla Edman, déanann agus díolann siad raon figiúir míleata agus fantaisíochta chomh maith leis an treallamh iad a dhéanamh sa bhaile. Tá Ionad Cuairteoirí ann chomh maith.

Ar 7 Iúil 1918, dhein na hÓglaigh ionsaí armtha ar dhá Chonstábla de chuid Constáblacht Ríoga na hÉireann (RIC) i mBéal an Ghleanna, ar an mbóthar idir Bhaile Bhuirne agus Bhéal Átha an Ghaorthaidh.

Thárla Luíochán Chúil na Cathrach ar an 25 Feabhra, 1921, 4.6km lastoir de Bhaile Mhic Íre i bparóiste Bhaile Bhuirne. Throid Óglaigh de chuid Cholúin Reatha Óglaigh na hÉireann, in aghaidh fórsaí gall na Breataine ag an láthair seo.

Acmhainní:

Chun teacht ar íomhánna, nuashonrúcháin agus mapaí téigh go dtí: <http://www.n22bbm.ie/>
Slí Ghaeltacht Mhúscraí: <http://www.sligaelachtmuscrai.com/sgm.html>

Measúnú Tionchair Timpeallachta: <https://www.corkrdo.ie/major-schemes/forbairt-bothair-n22-baile-bhuirne-maigh-chromtha/>

Tá fáil ar bhreis eolais ar sheandálaíocht an N22 ag <https://www.arcgis.com/apps/MapJournal/index.html?appid=bbb0a3836abe47bbbbe472991a1915f2>

Achoimre agus íomhánna seandálaíochta : <https://www.rubiconheritage.com/n22-macroom-baile-bhuirne.html>

Is féidir teacht ar shonraí i dtaobh láthair Luíochán Chúil na Cathrach i gCogadh na Saoirse anseo: <https://storymaps.arcgis.com/stories/d7e5d00d05b842f58c87d176d5b9a192>

Plean Oidhreachta Ghaeltacht Mhúscraí, as Gaeilge: <https://www.corkcoco.ie/sites/default/files/2021-11/plean-oidhreachta-mhuscrai-plean-caomhnaithe-bainistiu-agus-leirleamh-2018-2032-pdf.pdf>

Múscraí Gaeltacht Heritage Plan, English: [Microsoft Word - Múscraí Gaeltacht CMIP Final Draft Jan 2019.docx \(corkcoco.ie\)](#)

Is féidir teacht ar ábhar ó roinnt scoileanna náisiúnta sa cheantar céanna ina bhfuil Forbairt an N22 i mBailiúchán na Scol ar shuíomh Dúchas: <https://www.duchas.ie/en/plc/11583>

Breac-chuntas ar an seandálaíocht ar Scéim Bhóthair an N22:



Píosa Cearrbhachais Ceirmeach a aimsíodh i gCill an Chloig 1, Grianghraf: Comhairle Contae Chorcaí

Tochlaíodh 25 láithreán ó thréimhse na réamhstaire fan bhealach an N22 nua sular thosaigh an tógáil. Is é a bhí sa chuid is mó díobh seo ná tulacha dóite ón gcré-umhaois nó *fulachta fiadh*, saghas suímh dhúrúnda inar téadh clocha i dtine sula gcuirtí in umar ullmhaithe agus lán d'uisce, arb é an cuspóir ná an t-uisce a théamh ar chúiseanna éagsúla, folcadh nó cócaireacht an míniú is dóichí i bhformhór na gcásanna. Is minic a bhíonn trachanna dá leithéid a bhí taobhaithe le cloch nó le hadhmad, agus bhí go leor samplaí coimpléascacha le taobhú adhmaid dea-chaomhnaithe le feiceáil san áit seo. Fuarthas na suíomhanna seo in go leor áiteanna fan na scéime. I measc na suíomhanna réamhstairiúla eile bhí adhlacadh créamtha do bhean óg ón gcré-umhaois.

Rinneadh 25 láithreán eile a thochailt fan bhealach an N22 a raibh dáta stairiúil ann, lena n-áirítear lonnaíochtaí, muilte agus áitheanna. Chonacthas claiseanna táirgthe gualaigh freisin, a bhain le hobair mhíotalóireachta.

Rinneadh cuid de lonnaíocht mhór leasa ó na meánaoiseanna a thochailt ag Baile Mhic Íre. Fuarthas an chuid uachtarach de bhrón rothlach mhín (a úsáidtear chun grán a mheilt de láimh) ó líonadh na ndíog. Is é a bhí sna liosanna seo ná áitribh feirme iata na linne agus is dócha gur tógadh iad ar chúiseanna cosanta nó slándála.

Tá tiníleacha ar na séadchomharthaí tionsclaíochta is líonmhaire agus is forleithne in Éirinn, agus baineann siad go príomha leis an 18ú agus 19ú haois. Baineadh úsáid as aol go traidisiúnta chun críocha talmhaíochta agus chun aol a nascadh/rindreáil i bhfallaí cloiche, tithe agus caisleáin. Baineann sampla dronuilleogach neamhghnách a tochlaíodh i gCarraig an Phúca ar an N22 le lár na 1600'áí. Tochlaíodh áitheanna ciorclacha níos tipiciúla (cloch shingil), dar dáta ón 18ú/19ú haois is dócha, i gCúil Liatháin agus ag an gCeapach Thiar.

Le linn dó iarsmaí áitrimh ón 19ú haois a thochailt i gCill an Chloig in aice leis an bhFothrais, thángthas ar na heilimintí íochtaracha de mhuilleann uisce i bhfad níos luaithe. D'fhéadfaí a mhaíomh gurb é ceann de nithe is spreagúla a fuaradh fan bhealach an N22, ná an muileann a tógadh agus a atógadh roinnt uaireanta, agus is dócha go dtéann an chéad chéim ann siar go dtí deireadh na 1400'áí. Tugadh faoi deara atógálacha éagsúla sna 1500'áí, agus fianaise leanúnach gur úsáideadh é go dtí deireadh na 1700'áí. Fuarthas roinnt phíosáí briste de chloch mhuilinn ar an láithreán, chomh maith le fianaise ar ghnáthshaol laethúil, potaireacht, gloine, píopaí cré tobac agus go leor eile.

Breac-chuntas ar an Éiceolaíocht ar Scéim Bhóthair an N22:

Diúilicín Péarla Fionnuisce

Tá cáilíocht uisce an cheantair an-ard agus cothaíonn sé bradáin, bric agus raon leathan speiceas lena n-áirítear an Diúilicín Péarla Fionnuisce (DPF), atá faoi chosaint na hEorpa agus ina speiceas atá i mbaol. Ní mór do gach oibreacha ar an scéim bearta maolaithe do dhobharcheantar na nDiúilicíní Péarla Fionnuisce a mheas, toisc gurb é an limistéar iomlán an crios tionchair a d'fhéadfadh tionchar diúltach a bheith aige ar DPF. Tá DPF i láthair ó thuas an abhainn ón áit is airde go bhfuil an tógáil ag tarlú, tríd Abha an tSuláin, síos fan na habhann go dtí an Gaorthadh agus tríd Abha na Laoi níos faide síos le sruth.

Is moilisc dhébhlaoscach é an Diúilicín péarla fionnuisce (*Margaritifera margaritifera*) a fhaightear in aibhneacha glana a ritheann go tapa, agus uaireanta i lochanna. Tá an diúilicín péarla fionnuisce liostaithe in Iarscríbhinn II agus Iarscríbhinn V de Threoir an AE maidir le Gnáthóga agus tá sé faoi chosaint chomh maith faoin Acht um Fhiadhúlra 1976 (arna leasú). Déantar rialú docht ar aon oibreacha a dhéanann difear do dhobharlaigh chun an tionchar is lú agus is féidir a bheith ar cháilíocht uisce an cheantair. Coinnítear luach éiceolaíoch agus iascaigh na sruthchúrsaí trí mhodhanna íogair deartha agus tógála. Níl daonra na nDiúilicíní Péarla Fionnuisce an tSuláin ainmnithe mar dhaonra de Limistéar Caomhantais Speisialta (SAC) agus níl sé liostaithe sna Rialacháin um Chuspóirí Diúilicíní Péarla Fionnuisce (2009), ach tá na srianta ar shioltachán a luaitear sna rialacháin seo, .i. 'Gan aon leibhéal sioltacháin a bheith ardaíthe go saorga', agus é seo i bhfeidhm chun na speicis san Iarscríbhinn II seo a chosaint lasmuigh d'aon láithreán caomhantais ainmnithe. Mar réamhchonradh oibreacha, suiteáladh méadair mhoirtiúlachta le haghaidh monatóireachta bonnlíne a dhéanamh i ngach ceann de na hAibhneacha a leanas: An Abha Gharbh , Abha na Biochaille , Abha an tSuláin i mBaile Bhuirne, Abha na Fothraise, Abha na Láine, Abha an tSuláin in Iomair agus Abha an tSuláin ag Trasnú na hAbhann. Ó cuireadh tús leis an tógáil, tá a mhonatóirí mhoirtiúlachta féin i bhfeidhm ag an gConraitheoir sna ceantair seo.

Gnáthóg an Drúchtín Ballach (*Geomalacus maculosus*)

Cheadaigh an Bord Pleanála scéim forbartha an N22 ó Bhaile Bhuirne go Maigh Chromtha in 2011. Deirtear i gCoinníoll 2 d'fhaomhadh an Bhoird Pleanála don scéim:

“Sula gcuirfeadh tús leis an tógáil, fostóidh an t-údarás bóithre maoleolaí inniúil chun Plean Bainistíochta Comhshaoil (EMP) a dhréachtú i gcomhpháirt leis an Seirbhís Naisiúnta Páirceanna agus Fiadhúlra (NPWS) chun timpeallacht ghilactha oiriúnach a shainaithint, a chruthú agus a bhainistiú le haghaidh tras-shuíomh fadtéarmach don Drúchtín Ballach sa cheantar a bhfuil tionchar ag an mbóthar beartaithe, go ginearálta de réir an mholta a chuir an NPWS faoi bhráid na héisteachta ó bhéal. Comhlíonfaidh oibreacha tógála agus sonraí dearaidh ceanglais an EMP a bheidh faoi réir choinníollacha an Cheadúnais Mhaolaithe chomh maith.

Cúis: *Meath ar an ngnáthóg a sheachaint agus nascacht ghéiniteach a choinneáil i ndaonra speiceas atá faoi chosaint dhian.”*

Is moileasc é an *Geomalacus maculosus* gan aon bhlaosc seachtrach, den fine gastropódach Arionidae a bhfuil scaipeadh forleathan air sa Phalaeartach. Tá an ghéineas *Geomalacus* comhdhéanta de cheithre speiceas aitheanta, a bhfuil dáileadh an-teoranta ar fad acu. Tá raon an-teoranta ag an Drúchtín Ballach. Tá daonraí den speiceas seo teoranta ar fud an domhain chuig iarthuaisceart na hIbéire agus iardheisceart na hÉireann, agus chuir Éirinn leis an raon seo ó 2010 in iarthar na Gaillimhe le déanaí (Kearney, 2010).

Tá cur síos déanta ar dháileadh na nDrúchtín Ballach mar “Lusitanian”, mar go bhfuil sé áitrithe i réigiún Atlantach na hIbéire agus na hÉireann (Scharff, 1893). Tá dlúthbhaint ag an speiceas le agus teoranta do gheolaíocht ghaineamhchloch iarthar Chorcaí agus Chiarraí (Boycott 1934; Platts & Speight 1988; Moorkens & Killeen, 2009) áit a bhfuil sé taifeadta ó 50 cearnóg 10km ó 1965 (An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtas Áitiúil, 2010).

Mar gheall ar mheath a tuairiscíodh ar a chroí-raon Ibéireach (Platts & Speight 1988), liostaíodh an Drúchtín Ballach mar speiceas fána atá **faoi chosaint dian** in Aguisín II de Choinbhinsiún Beirn agus ina dhiaidh sin in Iarscríbhinn IV(a) de Threoir an AE maidir le Gnáthóga 92/43/CE, ar Iarscríbhinn é do speicis a dteastaíonn cosaint dhian a dhéanamh orthu.

Tá an Drúchtín Ballach (*Geomalacus maculosus*) liostaithe in Iarscríbhinn II agus IV de Threoir an AE maidir le Gnáthóga 92/43/CE. Tá an Drúchtín Ballach faoi chosaint chomh maith san Acht um Fhiadhúlra 1976 (arna leasú) tar éis é a chur leis faoi Ionstraim Reachtuil Uimh. 112 de 1990. Chuige sin, chinn Comhairle Contae Chorcaí iarratas a dhéanamh agus an ceadúnas maolaithe a chomhlíonadh agus gnáthóg an drúchtín ballach a fuarthas sa limistéar oibre fan na dTailte Curtha ar Fáil (LMA) don tógáil bhóthair a scrios, sular thosaigh príomhchonradh tógála an bhóthair nua. Tá an ghnáthóg scriosta agus an LMA nach gnáthóg seilide Chiarraí é ar fáil don Chonraitheoir chun an bóthar a thógáil gan aon teagmháil a bheith aige leis an Drúchtín Ballach. Lasmuigh den LMA tá ceantair ghnáthóg caomhnaithe don Drúchtín Ballach nó limistéir cruthaithe gnáthóige don Drúchtín Ballach. Chun cinnteacht iomlán a thabhairt don Chonraitheoir, tá fáil teorann curtha suas lena chinntiú nach féidir leis an gConraitheoir dul isteach i gan fhios dó féin i gnáthóg an Drúchtín Ballach nó gnáthóg chruthaithe. Toisc go bhfuil an Drúchtín Ballach faoi chosaint dhian faoin Treoir um Ghnáthóga, ní mór don Chonraitheoir a chinntiú go bhfuil bearta maolaithe i bhfeidhm faoi Alt 24 de Sceideal 4 de na Ceanglais Tógála, Iarscríbhinn 1 de Chuid 1 .

Speicis Éan:

Is iad na speicis éan seo a leanas na cinn a taifeadadh i gcóngarach na forbartha bóthair ar ábhar imní ard caomhantais iad: Cromán na gCearc; Scréachóg Reilige, Meirliún; Pilibín; Crotach, Faoileán Dubh agus an Cruidín.

Speicis Ialtóg:

Bhí sé riachtanach seanseid feirme a leagadh, cé go raibh faraí de thrí speiceas ialtóg, ialtóg Natterer (*Myotis nattereri*), an ialtóg Fhadchluasach Dhonn (*Plecotus auritus*), agus an Crú-Ialtóg Bheag (*Rhinolophus hipposideros*), chun an obair thógála ar na struchtúir tacaíochta a éascú do chuid ardaithe den N22 Bóthar Bhaile Bhuirne go Maigh Chromtha trasna Abha na Biochaille. Tógadh fara cúitimh nua in aice láimhe go déanach i mí Aibreáin - go luath i mí na Bealtaine 2019, agus leagadh an sean-cheann faoi cheadúnas maolaithe ialtóg arna dheonú ag an NPWS, DER-BAT 2019-08. Bhí an fhara bunaidh ina óstach ar fhara lá samhraidh d'Ialtóg Natterer sa chuasfhalla, agus ina theannta sin fara beag lae agus oíche don Ialtóg Fhadchluasach Dhonn sa chuasfhalla, agus fara beag ócáideach oíche amháin, don Chrú-Ialtóg Bheag.

Chun coinníollacha an cheadúnais ialtóg a chomhlíonadh, choimisiúnaigh Comhairle Contae Chorcaí speisialtóir ceadúnaithe ar ialtóga, an Dochtúir Isobel Abbott (IA), chun maoirsiú a dhéanamh ar thógáil an fhara nua, agus chun monatóireacht a dhéanamh ar a áitíocht le linn an phríomhshéasúir gníomhach ialtóga in 2019 agus in 2020 (seoladh tuarascálacha monatóireachta tríd an ríomhphost chuig an NPWS) agus arís le linn 2021.

Choimisiúnaigh Comhairle Contae Chorcaí bearta feabhsaithe fara i rith mhí na Samhna 2020.
